



12 Bóthar na Trá,
Bun an Phobail,
Co. Dhún na nGall,
7 Samhain 2023.

A Liam, a chara,

Conas ata tú? Tá súil agam go bhfuil tú i mbarr na sláinte. Tá gach rud go maith anseo. Tá mé ar ais ar scoil, sa dara bliain anois.

Mar is eol duit, tá mé ag freastal ar Choláiste Pobail Bhun an Phobail. Tá mo scoil suite ar imeall an bhaile, in aice na farraige. Is í Iníon Uí Dhochartaigh príomhoide na scoile agus is é an tuasal ó nEigeartaigh leasphríomhoide na scoile. Tá thart ar sé chéad dalta ag freastal ar an scoil agus tá timpeall ar seasca mhúinteoir agus CRS ag obair anseo. Tá beirt rúnai agus feightí scoile freisin.

Tosaíonn an scoil ar a naoi a chlog agus críochnaíonn sí ar a leathuair tar éis a trí. Bíonn sos againn ag a haon déag agus lón ag a naoi a chlog. Ithim mo lón agus imríim cluichí ag am lón. Bíonn sé rang againn ach an lán agus maireann na ranganna uair a' chloig.

Déanaim trí ábhar déag; An Ghaeilge, an Béarla, an mata, an Fhraincis, an eacnamaíocht bhaile, an stair, an tíreolaíocht, an ceol, an adhmaoíreacht, an corpoideacht, an eolaíocht, an tíreolaíocht, OSSP agus OSPS. Is fearr liom an Ghaeilge mar is teanga álainn í agus bíonn craic mhaith sna ranganna. Ní maith liom an mata, mar is ábhar deacair é agus bíonn a lán obair bhaile le déanamh againn.

Tá an t-ádh orainn mar beidh meadú mór ar an scoil i gceann bliana. Faoi láthair níl go leor seomraí ranga ach tá neart áiseanna againn. Tá trí shaotharlann eolaíochta, cistin, seomra ealaíne, dhá sheomra ríomhairí, halla spóirt, oifigí agus seomraí teicneolaíochta taobh istigh. Taobh amuigh tá cúirt cispheile, páirc peile agus raon reatha.

Cosúil le gach scoil eile sa tír tá neart rialacha sa scoil freisin. Tá cose ar bhulaíocht, alcól, drugaí agus vapáil. Níl cead an fón póca a úsáid sa seomra ranga gan chead an mhúinteora agus caitheann éide scoile a chaitheamh, obair bhaile a dhéanamh agus meas a thaispeáint do gach duine.

Caitheann muid éide scoile. Caithim geansaí glas, léine bhán, carbhat glas buí agus dearg, briste dubha agus bróga dubha. Is maith liom an éide scoile mar tá sé compórdach.

Caithefidh mé dul anois - tá a lán obair bhaile le déanamh agam anocht!
Labhróidh mé leat gan mhoill, Slán go fóill!

Niamh ♥

